Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8576/21**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0114(COD)**

**RC 18**
**CODEC 660**
**COMPET 333**
**IA 82**
**MI 326**
**COMER 40**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Bealtaine 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 100 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad DOICIMÉAD INMHEÁNACH DE CHUID AN CHOIMISIÚIN - MEASÚNÚ TIONCHAIR Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 100 final.

---

Faoi iamh: SWD(2021) 100 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.5.2021
SWD(2021) 100 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH DE CHUID AN CHOIMISIÚIN - MEASÚNÚ TIONCHAIR**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach**

{COM(2021) 223 final} - {SEC(2021) 182 final} - {SWD(2021) 99 final}

| **Bileog achoimre feidhmiúcháin (2 leathanach ar a mhéad)** |
|---|
| Measúnú tionchair a ghabhann leis an dréachtrialachán maidir le fóirdheontais eachtracha |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Tá gealltanas tugtha ag an Aontas go mbeidh sé ar cheann de na geilleagair is oscailte ar domhan ó thaobh an bheartais trádála de. Ag an am céanna, baineann cuid de bheartais thionsclaíocha a chomhpháirtithe trádála le fóirdheontais a dheonú a thugann buntáiste iomaíoch do thairbhithe maidir le rochtain a fháil ar a láithreacht i ngeilleagar an Aontais nó a láithreacht ann a neartú. Is féidir leis na fóirdheontais sin an margadh inmheánach a shaobhadh agus an bonn a bhaint den chothrom iomaíochta i dtrí réimse: (i) fáil cuideachtaí; (ii) nósanna imeachta soláthair phoiblí; agus (iii) staideanna eile sa mhargadh. Cé gur féidir breathnú ar an saobhadh sin cheana féin, is dócha go dtiocfaidh méadú ar thionchar na bhfóirdheontas eachtrach ar an margadh inmheánach. Ina theannta sin, is dócha go mbeidh líon níos mó infheistíochtaí fóirdheonaithe san Aontas mar thoradh ar an ngéarchéim eacnamaíoch atá ann faoi láthair.<br>Is fóirdheontais eachtracha saobhacha bunaithe ar straitéisí tionsclaíocha tíortha áirithe nach Ballstáit den Aontas iad agus easpa aon sásra rialála chun a n-éifeachtaí saobhacha a chosc nó a leigheas is cionsiocair leis sin go príomha. Cé go bhfuil deonú tacaíochta ag údaráis na mBallstát faoi réir rialú státchabhrach an Aontais, níl aon rialú ar thionchar fóirdheontas eachtrach ar an margadh inmheánach, rud a chuireann tionscal an Aontais faoi mhíbhuntáiste nuair atá sé in iomaíocht le gnóthais a fhaigheann fóirdheontais eachtracha. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Is é an cuspóir atá ann cothrom iomaíochta i margadh inmheánach an Aontais a athbhunú trí saobhadh atá mar thoradh ar fhóirdheontais eachtracha a shainaithint agus a bhaint i gcomhthéacs éadálacha, nósanna imeachta soláthair phoiblí agus staideanna ginearálta sa mhargadh. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Is minic a bhíonn tionchar ag saobhadh atá mar thoradh ar fhóirdheontais eachtracha ar roinnt Ballstát agus dá bhrí sin tá gné an Aontais ag baint leis. Ina theannta sin, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas i réimse na Státchabhrach agus na n-ionstraimí cosanta trádála. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil?** |
| Leagtar amach ceithre rogha sa tuarascáil ar an measúnú tionchair (IAR): 1) an bhunlíne, lena n-áirítear rialacha maidir le trádáil idirnáisiúnta a oiriúnú; 2) treoir a eisiúint maidir leis an reachtaíocht atá ann cheana; 3) rialacha an Aontais atá ann cheana a oiriúnú; agus 4) ionstraim dlí nua a fhorbairt. I gcás rogha 4, molann IAR foroghanna le haghaidh paraiméadair éagsúla dearaidh: (i) leibhéal na n-inniúlachtaí: An Coimisiún amháin nó in éineacht leis na Ballstáit; (ii) cur chuige imscrúdaitheach: *ex officio*, fógra le tairseacha éagsúla nó *ex officio* agus fógra a chur le chéile; (iii) tairseach le haghaidh fóirdheontais saobhacha: íseal nó ard; (iv) critéir maidir le measúnú; (v) tástáil chothromaíochta (tá nó níl); agus (vi) bearta sásaimh.<br>Is í rogha 4 an rogha beartais tosaíochta, leis an oibleagáid fógra a thabhairt i gcás éadálacha móra agus cásanna soláthair phoiblí, agus córas *ex officio* le haghaidh cásanna beaga agus staideanna eile sa mhargadh. |
| **Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na tuairimí is rogha leo** |
| Chuir páirtithe leasmhara de chuid an Aontais in iúl go dtacaíonn siad go ginearálta le gníomhaíocht reachtach |

| |
|---|
| chun dul i ngleic le tionchar saofa na bhfóirdheontas eachtrach (rogha 4). Bhí imní ar roinnt páirtithe leasmhara neamh-AE go bhféadfadh éifeacht mhór dhiúltach a bheith ag ionstraim nua um fhóirdheontais eachtracha ar infheistíocht dhíreach eachtrach (IDE). |
| **C. Tionchar na rogha tosaíochta** |
| **Cé na tairbhí a bhaineann leis  an rogha thosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?** |
| Leis an rogha thosaíochta, d’athbhunófaí cothrom iomaíochta do na hoibreoirí eacnamaíocha go léir agus chuirfí cosc ar iomaitheoirí nuálacha neamhfhóirdheontais a bhrú amach, rud a d’fhágfadh go mbeadh níos lú rogha ag tomhaltóirí. Leis an rogha sin d’fhéadfaí dul i ngleic go páirteach freisin leis an tsaincheist a bhaineann le dí-chomhchruinniú cuideachtaí go tíortha nach Ballstáit den Aontas iad a d’fhéadfadh caighdeáin chomhshaoil níos ísle a bheith acu, rud a d’fhágfadh go gcaillfí poist san Aontas. |
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
| Is iad costais chomhlíontachta bhreise na príomhchostais le haghaidh na ngnólachtaí a ndéanfar difear dóibh mar thoradh ar na rialacha nós imeachta nua. Beidh sé de cheangal ar ghnóthais a fhaigheann ranníocaíocht airgeadais eachtrach i gcomhthéacs cumaisc mhór nó nós imeachta soláthair phoiblí fógraí a chur isteach agus iarrataí ar fhaisnéis a chomhlíonadh. Ós rud é go bhfuil idirbhearta infhógartha freisin faoi rialacha eile atá ann cheana (Rialachán an Aontais maidir le Cumaisc, IDE), is dócha nach mbeidh na costais incriminteacha chomh suntasach céanna. |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |
| Is éard atá i gceist leis an rogha thosaíochta ualach riaracháin íseal ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), toisc nach mbeidh siad faoi réir na hoibleagáide fógra a thabhairt, oibleagáid a bhaineann úsáid as tairseacha arda maidir le héadálacha agus soláthar poiblí. Ina theannta sin, ba cheart go rachadh tairseach ard maidir le fóirdheontais saobhacha chun tairbhe FBManna, toisc go bhféadfadh a gcuid infheistíochtaí fóirdheonaithe titim faoin tairseach agus, dá bhrí sin, d’fhéadfadh nach ndéanfaí imscrúdú orthu. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Is íseal an t-ualach ar an gCoimisiún maidir leis an tionscnamh seo a chur chun feidhme i gcomparáid leis na buntáistí le haghaidh an gheilleagair. Ós rud é gurb é an Coimisiún an t-aon fheidhmitheoir a bheadh ann, ní bheadh costais mhóra ar na húdaráis náisiúnta. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| D’fhéadfadh laghdú ar infheistíocht dhíreach eachtrach san Aontas sa ghearrthéarma a bheith mar thoradh ar an rogha thosaíochta. D’fhéadfaí é sin a fhritháireamh trí chothrom iomaíochta níos fearr agus iomaíocht shláintiúil i measc cuideachtaí neamh-fhóirdheontais sa mheántéarma agus san fhadtéarma. |
| **Comhréireacht?** |
| Bheadh an rogha thosaíochta comhréireach i bhfianaise an tionchair shuntasaigh atá ag fóirdheontais eachtracha ar mhargadh inmheánach an Aontais. Athbhunódh an uirlis imscrúdaitheach spriocdhírithe agus na leigheasanna comhréireacha an cothrom iomaíochta agus costais chomhlíontachta ísle á ngearradh ar na cuideachtaí lena mbaineann. |
| **D. Bearta leantacha** |

| Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas? |
| --- |
| Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú tréimhsiúil ar na táscairí agus déanfaidh sé meastóireacht ar thionchair an ghnímh reachtaigh ar bhonn leanúnach. |